Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

**General Certificate of Secondary Education**
**2009–2010**

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht agus Sláinte an Duine
## Modúl 2

## Ardsraith

**[GSC22]**

**DÉARDAOIN 20 BEALTAINE 2010, IARNÓIN**

GSC22

**AM**

45 nóiméad.

**TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |

**LEATHANACH BÁN**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Tá líon ciseal ag an chorp lena chosaint ar ghalar.

**(a)** Cosnaíonn codanna áirithe den chorp an corp ar mhiocróib.
Comhlánaigh an tábla lena thaispeáint cén dóigh.

| **Cuid den chorp** | **An dóigh a gcosnaíonn sé ar mhiocróib** |
|---|---|
| Craiceann | |
| Seiciní múcasacha | |

[2]

**(b)** Cuir síos ar cad é is vacsaín ann, agus mínigh an dóigh a n-oibríonn sí.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

**2 (a)** Déanann caitheamh tobac, ól alcóil agus mí-úsáid drugaí dochar do dhaoine agus don tsochaí. Sa tábla thíos, cuirtear na héifeachtaí a bhíonn ag na substaintí seo ar dhaoine i gcomparáid lena chéile.

**Eochair** An éifeacht is mó = 3
An éifeacht is lú = 1

| Substaint | Is féidir go mbeidh sé ina chúis le fadhbanna meabhairshláinte | Is féidir go mbeidh sé ina chúis le timpistí bóthair | Is féidir go mbeidh sé ina chúis le hailse |
|---|---|---|---|
| Tobac | 1 | 1 | 3 |
| Alcól | 3 | 3 | 2 |
| Cannabas | 2 | 2 | 1 |

**(i)** Tig le daoine fásta tobac agus alcól a úsáid go dleathach, ach is druga neamhdhleathach go fóill é cannabas. An t-eolas sa tábla in úsáid agat, mínigh an dóigh a gcuirfeadh lucht feachtais in iúl gur chóir go mbeadh cannabas dleathach.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Níl sé dleathach do pháistí toitíní agus alcól a cheannach, ach tá sé dleathach do dhaoine fásta. Luaigh fáth le cad chuige.

______________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an tsubstaint i ndeatach tobac a fhágann go bhfuil sé:

1. ina chúis le handúil ______________ [1]

2. ina chúis le hailse ______________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Taispeánann an tábla seo a leanas an patrún ólacháin a bhí ag triúr déagóirí thar thréimhse seacht lá. Taispeánann na luachanna an líon d'aonaid alcóil a d'ól siad.

| | Luan | Máirt | Céad | Déard | Aoine | Sath | Domh | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Seán | 1 | 2 | 3 | 2 | 2 | 2 | 0 | |
| Antaine | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 8 | 0 | |
| Pól | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 2 | 0 | |

**(i)** Comhlánaigh an tábla le líon iomlán na n-aonad a d'ól gach déagóir i rith na seachtaine a thaispeáint. [1]

**(ii)** Ainmnigh an déagóir a bhí ar ragús óil.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Molann an Rialtas nach rachadh daoine ar ragús óil. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Rinne Sinéad an t-imscrúdú seo a leanas.




Steiriligh sí an fearas agus an brat roimh an imscrúdú agus d'fhág sí an turgnamh ar feadh tamaill.

**(i)** Cén promhadán nó cé na promhadáin (**A**, **B**, **C** nó **D**) ina mbeidh an brat ann/iontu éillithe i ndiaidh tamaill?

_______________ [1]

**(ii)** Ainmnigh cineál **amháin** d'orgánach a bheadh ina chúis leis an éilliú sa bhrat.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an t-eolaí a d'úsáid a mhacasamhail d'fhearas le héilliú a imscrúdú.

_______________________________________________ [1]

(iv) Cuir tic sa tábla thíos lena thaispeáint cad é a chaithfidh Sinéad a dhéanamh le torthaí bailí a fháil.

| Gníomh | Cuir tic má tá sé riachtanach le torthaí bailí a fháil |
|---|---|
| An toirt chéanna de bhrat i ngach promhadán | |
| An cineál céanna de bhrat i ngach promhadán | |
| Promhadáin a choinneáil sa chuisneoir agus imscrúdú ar bun | |
| Promhadáin a choinneáil faoi sholas geal agus imscrúdú ar bun | |
| Promhadáin a choinneáil ag an teocht chéanna agus imscrúdú ar bun | |
| Promhadáin a fhágáil ar feadh an mhéid chéanna ama agus imscrúdú ar bun | |

[2]

(b) Mínigh ina iomláine cad é a chiallaíonn an téarma **teicníocht aiseipteach**.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

4 **(a)** Sa ghraf thíos, tugtar faisnéis ar fhás an daonra dhaonna.




**(i)** Ríomh an méadú ar an daonra idir 1900 agus 2000.

______________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Sa tábla seo a leanas, taispeántar dátaí tábhachtacha maidir le dul chun cinn i gcúrsaí míochaine daonna.

| **Dul chun cinn i gcúrsaí míochaine daonna** | **Dátaí** |
|---|---|
| An chéad trasphlandú croí | 1960–70 |
| Ainéistéise (faoiseamh péine) a úsáid le linn obráidí | 1840–50 |
| Na chéad antaibheathaigh a fhorbairt | 1940–50 |


**(ii)** Luaigh cé acu ceann de na forbairtí míochaine seo a raibh an tionchar is mó aici ar fhás an daonra. Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b) (i)** Sceitseáil líne ar na haiseanna thíos lena thaispeáint cén dóigh a mbíonn an líon de speiceas ionrach iomaíoch, diúilicín riabhach mar shampla, ag athrú de ghnáth thar am, i ndiaidh go dtugtar isteach i gceantar nua é.




[1]

**(ii)** Sainmhínigh ina iomláine an téarma speiceas **ionrach iomaíoch**.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Is sampla eile de speiceas ionrach iomaíoch é an róslabhras.



*© James Osmond/Alamy*

Taispeánann an graf seo a leanas an dóigh a raibh an líon de phlandaí róslabhrais ag athrú in anaclann dúlra thar thréimhse fiche bliain.




Bunaíodh an anaclann dúlra le speicis áirithe de mhagairlíní leochaileacha a chaomhnú. Caithfidh leibhéil arda sholais a bheith ag na speicis seo a fhásann ag leibhéal an talaimh.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Thart faoin bhliain 2000 bhí laghdú ar líon na bplandaí róslabhrais. Cad é ba chúis leis, dar leat?

______________________________________________________ [1]

**(ii)** Tá sé tábhachtach go gcoinneofar líon na bplandaí róslabhrais san anaclann dúlra seo faoi smacht. Mínigh ina iomláine cén fáth.

__________________________________________________________


__________________________________________________________

______________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Taispeánann an léaráid seo a leanas gathanna na gréine ag teacht a fhad le dromchla an Domhain.




**(a)** Comhlánaigh an léaráid thuas lena thaispeáint cad é mar sháinnítear cuid de ghathanna na gréine sa 'bhrat ceaptha teasa', rud atá ina chúis le téamh domhanda. [1]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a n-úsáidfí táscaire **aibitheach** ainmnithe le monatóireacht a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann le téamh domhanda.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Méadaítear ar théamh domhanda nuair a scriostar limistéir mhóra d'fhoraoisí.
Mínigh cén dóigh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


**(d)** Ba é rún chomhaontú Kiótó téamh domhanda a laghdú. Níor éirigh chomh maith céanna leis, áfach, is a bhíothas ag súil leis ar dtús.
Luaigh fáth amháin nár éirigh chomh maith céanna le comhaontú Kiótó is a bhíothas ag súil leis ar dtús

______________________________________________

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Taispeánann an graf seo a leanas cad é mar a d'athraigh líon na mbaictéar frithsheasmhach agus líon na mbaictéar neamh-fhrithsheasmhach i mias Petri i ndiaidh gur cuireadh peinicillin isteach ann.




**(i)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar na hathruithe a tharla sa mhias Petri i ndiaidh gur cuireadh an pheinicillin isteach ann.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

____________________________________________ [3]

**(ii)** Is mar gheall ar shóchán a bhíonn baictéir fhrithsheasmhacha ag forbairt. Mínigh an téarma **sóchán**.

______________________________________________

____________________________________________ [1]

**(iii)** Cén fhianaise eile a bheadh de dhíth ort sula dtabharfaí 'sárfhríd' ar na baictéir fhrithsheasmhacha sa mhias Petri?

______________________________________________

____________________________________________ [1]

**(b)** Taispeánann an tábla seo a leanas cuid de na costais a bhíonn ann le druga ar leith a fhorbairt.

| **Céim** | **Cur Síos** | **Costas/ £ míle** |
|---|---|---|
| A | Tástáil chliniciúil ar dhaoine a thagann chun tosaigh go toilteanach | 200 |
| B | Ceadúnas ón Rialtas lena úsáid | 2 |
| C | Tástáil *in vitro* | 500 |
| D | Tástáil ar ainmhithe | 100 |

**(i)** Cuir na céimeanna (A–D) san ord ceart ina dtarlódh siad.

__________ __________ __________ __________ [1]

**(ii)** Taispeánann an grianghraf thíos tástáil *in vitro*.



*© James Osmond/Alamy*

Luaigh **dhá** fháth a bhfuil tástáil in vitro chomh costasach sin.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [2]

**(iii)** Is féidir go mbeidh druga éifeachtach in éadan galair ar leith, ach nach bhfuil ceadúnas ar fáil go fóill lena úsáid. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

5950.02